

Cloigne Críonna agus Colainneacha Óga

A Mham,

Beannachtaí ó Chonamara! Tá ag éirí go breá liom anseo tigh Mhamó agus Dhaideo agus táim ag baint an-sult as an tsaoire. Chuile mhaidin téim féin agus Daideo ag siúl agus buailimid isteach chuig an siopa beag i lár an bhaile chun nuachtán an lae a cheannach. Tá aithne ag an saol is a mháthair ar Dhaideo! Bíonn gach éinne ag beannú dó, idir fhir agus mhná, óg agus aosta. Táim féin ag cur aithne ar phobal na háite de réir a chéile. An lá faoi dheireadh, bhuaill mé le Pádraic Ó Sé, a bhí ina mhúinteoir agat ar an meánscoil. Tá Daideo agus é féin an-mhór le chéile. Bíonn siad ag síorchaint ar an bpeil agus ar an iomáint; uaireanta bíonn orm imeacht agus mo bhealach féin a dhéanamh abhaile nó bheinn ansin ar feadh an lae!

Is cuimhin le bean an tsiopa go maith thú agus bhí sí ag cur do thuairisce. Duine thar a bheith eolach is ea í. Is breá liom a bheith ag comhrá léi agus a bhfuil de sheanchas agus de stair na háite aici a chloisteáil. An deireadh seachtaine seo chugainn tá rún againn dul amach ag siúl agus gheall sí dom go dtaispeánfadh sí cúpla rud suimiúil dom amhail an ráth mór ar bharr an chnoic agus an gallán atá sa pháirc cois abhann.

Aréir, thug mé féin agus Mamó faoinár gcéad cheacht ríomhaireachta. Gheall sí dom go ndéanfadh sí cúpla seisiún cócaireachta liom dá dtabharfainn cúpla ceacht di sa ríomhaireacht! Tá cloiste aici faoi *facebook* agus dúirt sí gur mhaith léi a cuntas féin a chruthú, rud a chuir iontas orm, ach deir sí liom go bhfuil scata dá cairde á úsáid cheana féin le fanacht i dteagmháil lena gclann nó le clann a gclainne atá scaipthe anois ar fud an domhain. Agus mise ag ceapadh nach mbeadh suim ach ag daoine óga sna ríomhairí! Dúirt sí freisin gur mhian léi bheith in ann na hinnill chuardaigh ar nós *Google* a úsáid chun eitiltí agus araile a chur in áirithe sa tslí is nach mbeadh uirthi a bheith ag brath ar dhaoine eile an t-am ar fad. Tá a fhios agat féin a neamhspleáiche is atá sí!

Bhí mé buartha agus mé ag teacht anseo toisc go raibh a fhios agam nach bhfuil mórán daoine óga fágtha ar an mbaile. Chun an fhírinne a rá, cheap mé go mbeadh sé leadránach. A mhalairt atá fíor, áfach. Táim an-sásta go bhfuil deis agam seal a chaitheamh i dteannta Mhamó agus Dhaideo agus aithne níos fearr a chur orthu, anois agus mé beagán níos fásta. Feicim go bhfuil neart le foghlaim agam uathu agus is maith liom go bhfuil eolas le roinnt agamsa leosan freisin.

Tá súil agam go bhfuil sibh féin ag baint taitnimh as bhur saoire. Feicfidh mé i gceann seachtaine sibh,

Máire.